Clár

An Serengeti	3
Sioráif	6
Síotaí	12
Eilifintí	18
Cad a chonaic tú?	24

An Serengeti

Tar ag siúl linn ar safari. Tagann an focal safari ó fhocal Arabach agus ciallaíonn sé "turas". Céad bliain ó shin, chuaigh daoine ar safari chun ainmhithe fiáine a sheilg. Inniu téann daoine ar safari chun breathnú ar ainmhithe fiáine agus chun pictiúir a thógáil díobh.

Talamh agus Aeráid

Táimid ag dul go dtí **Machaire** an Serengeti in oirthear na hAfraice. Ciallaíonn an focal Serengeti "machairí gan chríoch". Is iad **féarthailte** na hAfraice atá sa Serengeti. Anseo feicfidh tú féara arda agus roinnt crann. Feicfidh tú aibhneacha agus lochanna beaga agus fiú **seascainn** bheaga.



Ar an Serengeti, bíonn an aeráid te agus tirim de ghnáth. Tá dhá shéasúr fearthainne ann. Titeann an fhearthainn is troime idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine. Titeann roinnt fearthainne ó Dheireadh Fómhair go mí na Samhna. Ag amanna eile bíonn sé tirim.

Ainmhithe an Serengeti

Siúlann na milliúin d'ainmhithe móra na féarthailte seo. Cónaíonn cuid mhór acu i bpáirceanna náisiúnta. Bunaíonn an rialtas na páirceanna seo chun **fiabheatha** na hAfraice a chosaint. Feicfidh tú cuid mhór cineálacha éagsúla ainmhithe anseo. Tá leoin, síotaí, séabraí agus eilifintí iontu. Tá sioráif, moncaithe agus cuid mhór ainmhithe uisce iontu. Is é an Serengeti an áit is fearr chun staidéar a dhéanamh ar ainmhithe.





Tagann cuid mhór eolaithe anseo chun staidéar a dhéanamh ar ainmhithe. Déanann siad staidéar ar iompar na n-ainmhithe. Téann siad ag lorg na n-ainmhithe chun go bhfeicfidh siad cá háit a dtéann siad. Feiceann siad conas a thugann na hainmhithe cúram dá n-óga.

Ar ár safari, déanfaimid staidéar ar thrí ainmhí atá an-éagsúil. Fan le chéile. Breac síos nótaí go cúramach. Tarraing pictiúir más maith leat. Ná cuir eagla ar na hainmhithe.